

Ábhar

Saibhreas Teanga

Téacs Léitheoireachta

Tadhg Mac Dhonnagáin ag plé An Aimsir Ghnáthláithreach ina bhlag <http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com/>

(Le caoinchead ó Thadhg Mac Dhonnagáin).

Sliocht as an alt *Writing is on the wall for spelling*

Irish Independent

<http://www.independent.ie/education/writing-is-on-the-wall-for-spelling-1404867.html>

(Le caoinchead ón *Irish Independent* agus ó Kim Bielenberg).

Cuid de curtha in oiriúint do mhic léinn Ghaeltachta

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Saibhreas Teanga

Réamhobair

Beidh tú ag léamh píosa as blag le Tadhg Mac Dhonnagáin. Tá sé ag caint faoi shaibhreas teanga sa sliocht seo. Sula léann tú an píosa, déan an réamhobair seo leis an duine in aice leat.

Plé

- Cad a shamhlaíonn tusa le ‘saibhreas teanga’?
- An bhfuil difear idir ‘saibhreas teanga’ sa chaint agus sa scríobh? Conas?
- An bhfuil difear idir ‘saibhreas teanga’ ó ghlúin go glúin? An bhfuil sé seo le feiceáil i do cheantar féin?
- Cén tslí is fearr le cur le ‘saibhreas teanga’ i dteanga ar bith?
- Cad é an difear idir an saibhreas teanga atá agat sa Ghaeilge agus sa Béarla?

Tasc

Le cabhair ó do pháirtí scríobh cúpla abairt a chuirfeadh síos ar shaibhreas teanga mar a thuigeann tusa é.

Léamh

Anois léigh an píosa agus pléigh na ceistanna seo:

- Cad é go díreach atá á rá ag an scríbhneoir sa phíosa seo?
- Conas a chuirfeá Béarla ar na leaganacha atá i gcló dubh sa téacs?
- Cé hé an Duinníneach a luaitear sa phíosa?

Feasacht Teanga

1. ‘na carachtair **chumhachtacha**’

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht sa sampla thuas? Pléigh agus ansin déan na cinn seo:

aistí + fada	tionscadail + deacair
coláistí + mór	ceantair + bocht
pinn + dearg	dánta + brónach
leabhair + taitneamhach	fir + breá

2. Féach ar na focail seo as an téacs agus ar na cinn eile atá cosúil leo. An féidir leat an difear eatarthu a mhíniú? Cad iad na focail a mbíonn deacrachtaí agat féin lena litriú?

cur in eagar	eagrú		
le gairid	gearr	níos gaire	níos giorra
áirithe	áirithe		

3. Féach ar úsáid na réamhfocal thíos. Cén chanúint lena mbaineann an tréith áirithe sin? Cad é an leagan caighdeánach?

sa **g**Cadhach
sa **n**gnáthchaint

4. ‘an **fh**oclóireacht’

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal thuas? Pléigh agus ansin déan na cinn seo:

an + foclóir	an + aiste
an + coláiste	an + cruinniú
an + abairt	an + óstán
an + fillteán	an + athrú
an + áit	an + seirbhís
an + seomra	an + árasán

5. ‘faoin **g**Conamarach’ / ‘faoin Duinníneach’

Féach ar na struchtúir thuas. Cé acu ceann de na sloinnte / áiteanna thíos a bheadh oiriúnach don struchtúr céanna?

Seán Ó Ríordáin
duine as Corcaigh

Seán Ó Súilleabháin
duine as Ciarraí

Seán Ó Sé
Nuala Ní Dhomhnaill

Iarobair

Plé

1. ‘Is ar éigean gur casadh focal amháin sa leabhar orm nach mbeadh agam féin go nádúrtha sa ngnáthchaint, nó ar a laghad ar bith i stór focal na léitheoireachta’.

Cad atá i gceist ag an scríbhneoir le ‘stór focal na léitheoireachta’? Cén difear atá idir na focail a úsáideann tú sa ghnáthchaint agus na focail a aithníonn tú sa léitheoireacht?

2. Cén dearcadh atá agat faoin ráiteas ‘an tIrish language spoileáilte ag na hEnglish words’?
3. An bhfuil saothar aon duine de na húdair a luann Tadhg léite agat féin (Pádraic Ó Conaire, Máirtín Ó Cadhain, Liam Ó Flaithearta)? Cé chomh tábhachtach is atá sé staidéar a dhéanamh ar litríocht na Gaeilge mar chuid de chéim sa Ghaeilge?

4. Cad iad na dúshláin is mó a bhaineann le léamh na Gaeilge duitse? Cé acu is fearr leat – léamh i nGaeilge nó léamh i mBéarla?

Tascanna

1. Díospóireacht

Beidh Duine A agus Duine B i bhfabhar an ráitis thíos agus Duine C agus Duine D i gcoinne an ráitis. Caithigí roinnt ama i mbun ullmhúcháin ar dtús.

‘Tá teachtaireachtaí téacs tar éis dochar mór a dhéanamh don tslí a scríobhann daoine Béarla’.

Mar thaca leis an bplé, seo sampla ón idirlíon den chineál scríbhneoireachta a chonacthas in aiste a scríobh mac léinn meánscoile in Albain:

My smmr hols wr awfl. B4, we usd 2 go 2 NY 2C my bro, his GF & thr 3 kds. ILNY, its gr8.

2. Sa leabhar *Ar an Taifead: fíis, fuaim agus focal* cuireann an t-aistritheoir Dr Antain Mac Lochlainn síos ar ‘Cúig rud a chuireann soir mé’ nuair a bhíonn sé ag léamh i nGaeilge. Scríobh féin agus do pháirtí na rudaí a chuireann soir sibh i scríobh an Bhéarla (samplaí: *nite club, photocopie’s here, discounts’ available srl.*).
3. Bhí alt dar teideal *Writing is on the wall for spelling* san *Irish Independent* faoin gcaighdeán scríbhneoireachta atá ag daoine sa lá atá inniu ann.

Seo thíos sliocht as an alt. Léigh an sliocht agus scríobh píosa faoi do dhearcadh féin faoin méid atá á rá. Más maith leat, léigh an t-alt iomlán ar an idirlíon agus scríobh píosa gearr faoin dearcadh atá agat féin go pearsanta faoi cheann de na pointí a dhéantar ann.

Tá an t-alt iomlán le fáil ag an nasc seo:

<http://www.independent.ie/education/writing-is-on-the-wall-for-spelling-1404867.html>

Textspeak is commonly blamed for a perceived decline in standards of spelling and grammar among youngsters. The Chief Examiner's report for Junior Cert English, published last year, said: ‘The emergence of the mobile phone and the rise of text messaging as a popular means of communication would appear to have impacted on standards of writing as evidenced in the responses of candidates.’

The Chief Examiner argued that textspeak was causing Junior Cert pupils to become ‘unduly reliant’ on short sentences, simple tenses and a limited vocabulary.

He said text-messaging posed a ‘threat to traditional conventions in writing’ because of its use of phonetic spelling and lack of punctuation.

The harrumphing BBC presenter John Humphrys was more blunt in his denunciation of text messagers, describing them as ‘vandals who are doing to our language what Genghis Khan did to his neighbours 800 years ago’.

Text messaging may be an easy target, but recent research suggests that it may actually improve literacy rather than reduce it.

In a study for the *British Journal of Developmental Psychology*, researchers at Coventry University found that 12-year-olds who used textspeak improved their ‘word reading, vocabulary and phonological awareness’.

Téacs

Is fada an lá ó chuala mé an scéal faoin gConamaraich a dúirt, gan íoróin dá laghad, go raibh ‘an tIrish language spoileáilte ag na hEnglish words’. Uaireanta sílim gur measa an dochar atá déanta ag an rud seo ar a dtugtar ‘saibhreas teanga’ – don teanga scríofa ar aon nós.

Is ar Mháirtín Ó Cadhain a leagam féin cuid mhaith den mhilleán. Teangeolaí cumasach a bhí sa gCadhnaich. **Ba chuid lárnach dá stíl phróis** an cur chuige foclach. Dúirt Liam Ó Flaithearta uair amháin agus é ag trácht ar shaothar cruthaitheach an Chadhnaigh go raibh ‘an iomarca Gaeilge’ aige. Caithfidh mé a rá go n-aontaím leis an tuairim sin. Ach is iomaí deisceabal a d’fhág an Cadhnaich ina dhiaidh, scríbhneoirí a chreideann gur cuid lárnach den ealaín í an fhoclóireacht. Sílim féin **go bhfuil dul amú orthu**.

Nuair a d’fhoilsigh Cló Iar-Chonnachta cnuasach nua de ghearrscéalta Phádraic Uí Chonaire le gairid, iad curtha in eagar ag Diarmaid de Faoite, **léigh mé arís le fonn iad** – cuid acu, ní raibh mé tar éis súil a chaitheamh orthu ón uair a léigh mé go deireanach iad agus mé ag staidéar don Ardeist i ndeireadh na seachtóidí.

Ba mhór an pléisiúr na scéalta sin a léamh arís, agus castáil in athuair ar na carachtair chumhachtacha sin a chruthaigh SeanPhádraic. **Is ar éigean gur casadh focal amháin sa leabhar orm** nach mbeadh agam féin go nádúrtha sa ngnáthchaint, nó ar a laghad ar bith i stór focal na léitheoireachta.

Agus nach mar sin ba chóir a bheith den chuid is mó? Nuair a léim scríbhneoirí áirithe próis, **bíonn saothar orm go minic an chéad leathanach a chur díom** gan castáil ar dhosaen focal nár chuala mé riamh cheana. Níl mé a rá nach bhfuil go leor le foghlaim fós agam faoin nGaeilge, nó nach bhfuil fonn orm i gcónaí a bheith ag foghlaim. Ach nuair a léim próis cruthaitheach, is ag iarraidh díriú ar charachtair agus ar scéalta agus ar léargas ar an saol a bhím, ní ar stór foclóra.

Sílim go bhfuil go leor **daoine ar mo nós féin** a bhíonn curtha ó dhoras ag an ‘saibhreas teanga’ a thagann idir iad agus pléisiúr a bhaint as an ábhar atá siad ag iarraidh a léamh. Ní seasamh frith-intleachtúil é sin, ná ní ag moladh do dhaoine a bheith ag simpliú a saothair atáim. Ag moladh dóibh feabhas a chur ar a stíl phróis atáim. Ní hionann stíl mhaith phróis agus stór focal.

Más saibhreas teanga atá uait, níl sárú an Duinnínigh le fáil.